emcdda.europa.eu

Drugaí i bhfócas

22

Bileog fáisnéise ón Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí

ISSN 1725-4442

Ag tabhairt freagra ar shubstaintí sícighníomhacha nua

Faoi mar ba chóir do dhlíthe coiriúla na substaintí sin atá faoi rialú a shainiú, is féidir le haimsiú substainte sícighníomhaí atá lasmuigh de rialú dlíthiúil cur ar chumas soláthraithe brabús a dhéanamh agus ní fios cén baol atá ann do shláinte na dtomhaltóirí. D'fhéadfadh na húdaráis na substaintí seo a aithint ansin agus iad a chur leis an liosta díobh sin atá rialaithe, agus mar sin cuirtear tús leis an timthriall arís. Tá substaintí sícighníomhacha nua ag éirí infhaighte go forleathan ag luas gan sárú mar thoradh ar fhorbairtí úrnua a ligeann do cheimiceáin orgánacha a shintéisiú go saor, chomh maith leis an malartú faisnéise agus na deiseanna margaíochta curtha ar fáil ag an Idirlíon. Is féidir iad seo a mhargú trí shiopaí atá speisialaithe i ndáil le trealamh drugaí i lár bailte agus trí láithreáin ghréasáin a bhunaítear go héasca, a bhfuil sé de chumas acu úsáid druga nua a scaipeadh go tapa laistigh de thíortha agus go hidirnáisiúnta. Cuireann an luas ag a dtagann substaintí sícighníomhacha nua chun cinn agus an luas lena scaipeadh dúshlán anois faoin nós imeachta bunaithe ina ritear reachtaíocht chun substaint a rialú i ngach tír. Tá brabús suntasach á dhéanamh ag soláthraithe le linn na míonna a bhíonn ag teastáil chun substaint nua a rialú faoi dhlí cóiriúil, agus fad mar a bhíonn cinneadh fós le déanamh faoi na rioscaí a bhaineann lena húsáid. Tá lucht déanta beartais ag éileamh bealaí nua, níos tapúla agus níos éifeachtaí chun drugaí a rialú, a chosnóidh sláinte phoiblí agus, más féidir, a chuirfidh cosc le teacht na soláthraithe ar shubstaint nua chun leanúint leis an timthriall.

Tá gá ag Ballstáit leis an acmhainn chun substaintí nua ag teacht ar an margadh atá ag éirí níos éagsúla agus níos casta a shainaithint agus a mheasúnú go heolaíochta. Ba chóir a gcuid meicníochtaí freagartha a bharrfheabhsú chun gníomhú go héifeachtach agus go héifeachtúil ionas sláinte phoiblí a chosaint leis na hiarmhairtí diúltacha is lú; is ionann rialú faoi dhlí na ndrugaí agus ceann amháin de na modhanna éagsúla atá in ann é seo a bhaint amach.

Wolfgang Götz,
Stiúrthóir EMCDDA

Sainmhíniú

Substaint shícighníomhach nua: Druga támhshuanach nó síceatrópach nua, i bhfoirm íon nó á ullmhú, nach bhfuil faoi rialú ag Coinbhinsiún Singil na Náisiún Aontaithe ar Dhrugaí Támhshuanacha 1961 nó ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Shubstaintí Síceatrópacha 1971, ach a d'fhéadfadh a bheith ina bhagairt ar shláinte phoiblí atá inchurtha leis sin atá cruthaithe ag na substaintí liostaithe sna coinbhinsiúin seo (Cinneadh 2005/387/CGB ón gComhairle).

Sracfhéachaint ar na buncheisteanna

1. Ní aimsíonn agus ní aithníonn saotharlanna fóiréinseacha substaintí sícighníomhacha go héasca. Is tasc am-ídítheach, casta agus costasach é táirgí a thástáil le haghaidh substaintí anaithnid nó gan choinne. D'fhéadfadh sé seo bac a chur le freagraí sprioctha agus tráthúla ag reachtóirí agus forfheidhmiú dlí.

2. De réir an dlí, ní féidir cion cóiriúil a dhéanamh de dháileadh neamhúdaraithe na substaintí sícighníomhacha uile, agus mar sin, ní féidir le reachtaíocht, seachas a bheith réamhghníomhach, dul i bhfeidhm ar shubstaintí ach amháin de réir mar a thagann siad chun cinn.

3. D'fhéadfadh substaintí sícighníomhacha nua rioscaí a chruthú do shláinte an duine aonair agus an phobail chomh maith le rioscaí sóisialta, ag cur isteach ar an bpobal níos leithne. Nuair a thagann siad ar an margadh i dtosach báire, áfach, bíonn easpa faisnéise le fáil ar a gcuid rioscaí gaolmhara.

4. Tógann an nós imeachta reachtaíochta atá riachtanach chun substaint a thabhairt faoi rialú dlíthe drugaí méid áirithe ama, níos mó ná bliana i roinnt tíortha.

5. D'fhéadfadh iarmhairtí neamhbheartaithe agus gan iarraidh a bheith i gceist le substaint shícighníomhach nua a rialú. D'fhéadfadh sé an cuardach le haghaidh athsholáthair neamhrialaithe, agus dáileadh d'athsholáthar neamhrialaithe a spreagadh, ceann a d'fhéadfadh a bheith níos díobhálaí ná a réamhtheachtaí.

6. Baineann easpa pionós le roghanna rialaithe eile, cé go bhfuil siad níos tapúla, chun na teachtaireachtaí maidir le bacadh agus riosca sláinte céanna a chur amach. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh nach bhfuil siad éifeachtach ag cur cosc nó stop le margaíocht agus dáileadh de shubstaintí nua.

1. Córais réamhrabhaidh

San Eoraip, feidhmíonn córais réamh-rabhaidh do shubstaintí sícighníomhacha nua ag leibhéil AE agus náisiúnta araon. Cuireann an EMCDDA agus Europol córas réamh-rabhaidh na hEorpa, bunaithe i 1997, chun feidhme agus déanann sé forbairt ar na córais náisiúnta. Is líonra ildisciplíneach é, a bhailíonn, a mheasann agus a scaipeann faisnéis faoi dhrugaí nua agus táirgí a chuimsíonn iad go gasta. Le dhá bhliain anuas aithníodh níos mó substaintí nua ná riamh don chéad uair san Eoraip – 24 in 2009 agus 41 in 2010 (féach an léaráid). I láthair na huaire, déantar monatóireacht ar thart ar 150 substaint ag leibhéal AE.

Tá struchtúir nó comhpháirteanna ar leith ag córais réamhrabhaidh náisiúnta ag brath ar na riachtanais agus tosaíochtaí náisiúnta sonracha, cé go ndéantán siad freastal freisin ar riachtanais an chórais Eorpaigh. Ar fud na hEorpa, éagsúlaíonn córais réamhrabhaidh náisiúnta i mórán slite, lena n-áirítear: a mbonn dlíthiúil; a suíomh sa rialtas (i gcomhlachtaí sláinte nó forfheidhmithe dlí); a gclúdach (áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta); agus na hacmhainní a leithdháiltear orthu. D'fhéadfadh a gcomhdhéanamh agus a gcumas a bheith éagsúil freisin; mar shampla, áiríonn roinnt córas réamhrabhaidh líonraí eolaíochta fóiréinsí agus tocsaineolaíochta láidre, déanann roinnt acu monatóireacht ar shamplaí bailithe ó úsáideoirí, agus tá roinnt acu nasctha le meicníocht mearfhreagartha. Is féidir córais réamhrabhaidh náisiúnta a neartú trí tháscairí monatóireachta drugaí cainníochtúla a úsáid, chomh maith le taighde cháilíochtúil, agus foinsí faisnéise ildisciplíneacha, mar atá soláthraithe cúraim sláinte, eagraíochtaí forfheidhmithe dlí, agus taighdeoirí neamhspleácha. Is féidir leo an dul chun cinn anailíseach agus teicneolaíochta is déanaí a shaothrú, agus tairbhe a bhaint as malartú faisnéise éifeachtach agus tráthúil idir na comhpháirtithe uile.

2. Rialú Réamhghníomhach

Ní mór substaintí sícighníomhacha atá rialaithe faoi dhlí coiriúil a bheith sainithe go soiléir. Is é an prionsabal bunúsach leis seo, cumhdaithe sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an duine agus i roinnt bunreachtaí náisiúnta, ná nach féidir éinne a fháil ciontach i ndáil le cion nach raibh coiriúil sa tráth sin. Dá bharr seo, rialaigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine nach mór do dhlí coiriúil a bheith sonrach maidir le céard a aicmítear mar chion. Chiallódh sé seo nach bhfuil na substaintí nach bhfuil liostaithe i ndlí na ndrugaí á rialú aige.

Ceadaíonn cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, áfach, roinnt gnéithe den chion a shoiléiriú agus a áireamh faoi shainmhíniú bunaidh an chiona. Baineann Éire agus an Ríocht Aontaithe úsáid as sainmhínithe cineálacha i ndáil le grúpaí ceimicigh de shubstaintí faoi rialú. D'fhéadfadh analóga nó díorthaigh de dhrugaí rialaithe tagairt dóibh siúd a bhfuil struchtúir nó éifeachtaí comhchosúla acu, agus mar sin réimse níos leithne substaintí a chlúdach ná sainmhíniú cineálach; is féidir iad seo a chur i leith na substaintí uile atá faoi rialú i ndlí na ndrugaí (mar atá sa Bhulgáir, san Iorua), i gcatagóirí roghnaithe (an Laitvia, Málta), nó i ngrúpa beag amháin fiú (Lucsamburg). Thuairiscigh roinnt Ballstát, áfach, go mbeadh deacrachtaí acu ag cur sainmhínithe cineálaigh chun feidhme, toisc go mbeadh gá le hathruithe a dhéanamh ar reachtaíocht phríomhúil nó d'fhéadfadh sé dul in aghaidh prionsabal bunreachta. I bhforbairt úrnua, thug Éire isteach reachtaíocht in 2010 a thoirmisceann díolachán aon substaintí sícighníomhacha andúile nó díobhálacha le húsáid ag daoine. Tá sé róluath measúnú iomlán a dhéanamh ar an gcur chuige seo.

3. Ag measúnú na rioscaí

Tá córais náisiúnta a dhéanann measúnú ar na rioscaí a bhaineann le substaintí sícighníomhacha nua le fáil i bhformhór Bhallstát an AE. Déanann na córais seo scrúdú ar na rioscaí sláinte agus sóisialta a chruthaíonn substaintí nua ag na céimeanna éagsúla ó dhéantúsaíocht, go gáinneáil i leith úsáide. D'fhéadfaidís rannpháirtíocht féideartha na coireachta eagraithe a mheasúnú freisin, agus na hiarmhairtí a bheadh ag bearta rialaithe féideartha. As na 26 tír ar a bhfuil faisnéis ar fáil, thuairiscigh sé cinn acu nach raibh córas measúnaithe riosca acu mar chuid de nós imeachta dlíthiúil an rialaithe. Tagraítear go díreach do chóras measúnaithe riosca i ndlí drugaí de chuid sé thír, tagraítear dó ar bhonn leathfhoirmiúil i seacht gcinn acu, agus is féidir é a chur i gcrích ar bhonn ad-hoc i seacht gcinn eile acu. I dtromlach na dtíortha, is oifigigh phoiblí a chuireann é i ngníomh, ach comhlacht eolaíochta neamhspleách atá i gceist i gceithre cinn acu (an Ungáir, an Ísiltír, an Ostair, an Ríocht Aontaithe).

Déanann thart ar leath Bhallstát an AE idirdhealú dlíthiúil idir substaintí de réir an leibhéil díobhála a bhaineann leo, agus d'fhéadfadh measúnú riosca cuidiú chun na díobhálacha a aicmiú agus a chur in iúl go cruinn don phobal. D'fhéadfadh tuairisciú na meán ar dhíobhálacha airbheartaithe brú a mhéadú le haghaidh rialaithe reachtaíochta sula mbíonn na fíricí lárnacha ar eolas. Agus é tugtha le tuiscint gur beag an líon daoine a bhaineann úsáid as substaintí sícighníomhacha nua áfach, ní mór a bheith cúramach nach gcailltear creidiúnacht trí áibhéil a dhéanamh dá gcuid rioscaí. Is cosúil gur beag na tíortha a dhéanann athmheasúnú ar chruinneas a gcuid aicmithe níos déanaí, nuair ba chóir go mbeadh faisnéis nua ar fáil.

4. Próisis níos tapúla — ach iad faoi mhaoirseacht

Braitheann an méid ama a thógann sé substaint nua a chur faoi rialú ar an nós imeachta a leantar, ar nádúr an dlí atá i gceist, agus ar an leibhéal faofa atá ag teastáil. Mar shampla, tógfaidh nós imeachta casta maidir le dlí parlaiminte a athrú agus a mbíonn faomhadh an chinn stáit ag teastáil uaidh níos faide ná nós imeachta simplí chun rialachán a athrú a éilíonn síniú ó aire amháin. D'fhonn moilleanna nós imeachta a shárú, tá córais éigeandála curtha ar bun ag an nGearmáin agus an Ísiltír a cheadaíonn do shubstaint a chur faoi rialú sealadach go ceann bliana le faomhadh ó aire amháin seachas ón rialtas; mura gcuirtear an nós imeachta le haghaidh rialaithe buain i gcrích laistigh de bhliain, rachaidh an srianadh as feidhm. Tá córais mheara ag roinnt tíortha eile chun substaintí a chur faoi rialú buan trí thréimhsí comhairliúcháin sainithe a ghiorrú i rith an phróisis reachtóireachta. Sa tSualainn, ceadaíonn dlí ar leithligh, an tAcht um Earraí atá Contúirteach do Shláinte, substaint a aicmiú go gasta ionas go mbaineann pionóis choiriúla troma lena díolachán nó seilbh, fad

a dhéanann na húdaráis athbhreithniú ar cibé an gcomhlíonann sí an sainmhíniú ar 'dhruga', agus sa chás sin ba chóir í a liostáil ar deireadh thiar mar dhruga rialaithe. Éilíonn Treoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle tréimhse fógra trí mhí le haghaidh gníomhartha náisiúnta a chuireann teorainn le trádáil laistigh den chomhphobal, ach is féidir í seo a tharscaoileadh ar chúiseanna sláinte nó sábháilteachta poiblí tromchúiseacha.

5. Iarmhairtí neamhbheartaithe ar rialú

Déanann nós imeachta measúnaithe riosca an AE breithniú ar iarmhairtí féideartha na mbeart rialaithe, a d'fhéadfadh athsholáthar na substainte nua-rialaithe le substaint neamhrialaithe eile a áireamh – uaireanta ceann le héifeachtaí níos tromchúisí. Mar shampla, d'fhéadfadh rialú an GHB (*aigéad gámahiodrocsabútaráite*) a bheith mar chúis le méadú ar úsáid a réamhtheachtaí cheimicigh agus mheitibiligh GBL (gáma-butyrolactone), atá chomh contúirteach le GHB ar a laghad. I ndiaidh muisiriúin bhréagchéadfaíochta ag cuimsiú silicine a rialú, thosaigh roinnt miondíoltóirí ag tairiscint an mhuisiriúin Amanita muscaria, lena mbaineann rioscaí tocsaineachta suntasacha. Nuair a cuireadh meifeadrón faoi rialú san Eoraip, thosaigh miondíoltóirí ar líne ag fógairt naifioróin mar athsholáthar. In áit naifioróin áfach, chuimsigh mórán samplaí caitinón rialaithe amháin nó níos mó nó substaintí eile gan aon bhaint cheimiceach le naifiorón.

D'fhéadfadh an-chostas bheith i gceist maidir le forairdeall ardaithe i leith drugaí nua a chothabháil, toisc go n-éilíonn sé go n-aithneofaí líon méadaitheach substaintí nua agus go ndéanfaí taighde ar a gcuid rioscaí agus éifeachtaí gaolmhara. Bíonn gá freisin le hacmhainní le haghaidh forfheidhmithe chun substaintí sícighníomhacha nua a thabhairt faoi rialú dlí na ndrugaí. D'fhéadfadh tíortha a úsáideann an cur chuige seo i ngach cás a bheith i mbaol a gcóras náisiúnta a rólódáil. Agus aird air seo, tá painéil mheasúnaithe riosca eolaíochta san Ísiltír agus sa Ríocht Aontaithe tar éis áitiú i gcoinne rialaithe choiriúil ar sholáthar substaintí áirithe (muisiriúin bhréagchéadfaíochta agus 'khat' faoi seach), agus ina ionad sin tá siad i bhfábhar cláir chosanta.

6. An bhfuil dlíthe eile éifeachtach?

Tá dlíthe eile úsáidte go rathúil ag roinnt tíortha Eorpacha chun deireadh a chur le dáileadh oscailte druga nua. Tá na dlíthe seo bunaithe ar shainmhínithe comhchuibhithe an AE, ar chóir a bheith i bhfeidhm cheana i ngach Ballstát. Tá leas bainte as rialacháin a éilíonn go mbeadh earraí nó bia atá ar díol lipéadaithe go soiléir agus go cruinn maidir lena n-úsáid ionchais d'fhonn táirgí spíosraí nach raibh lipéadaithe sa teanga náisiúnta (an Iodáil) agus meifeadrón a bhí lipéadaithe mar shalainn folctha nó biaphlandaí (an Ríocht Aontaithe) a choigistiú. Trí shainmhíniú AE comhchuibhithe de chuid táirge míochaine a chur i leith substaint shícighníomhach nua, is féidir le gníomhaireachtaí leigheasra náisiúnta cosc a chur lena hiompórtáil, margaíocht nó dáileadh neamhúdaraithe. In 2009, d'aicmigh an Ostair táirgí spíosraí faoi reachtaíocht leigheasra neamh-choiriúil, agus chruthaigh sé seo go raibh sé éifeachtach ag cur stop le margaíocht agus dáileadh oscailte na spíosraí san Ostair, fad is a seachadadh coirpigh a dhéanamh d'úsáideoirí. Chuidigh toirmisc ar allmhairí san Ostair (spíosraí) agus sa Ríocht Aontaithe (meifeadrón) le deireadh a chur le dáileadh oscailte.

Is féidir rochtain daoine óga ar shubstaintí nua a laghdú trí cheadúnú nó srianta aoise ar ionaid díolacháin. D'fhéadfaidís seo bheith cosúil leo sin a rialaíonn díolacháin alcól agus tobac, ach i measc samplaí eile tá 'siopaí caife' san Ísiltír agus díolachán bútáin agus táirgí tuaslagóra sa Ríocht Aontaithe.

Leanann na cur chuigí seo go léir moltaí úrnua de chuid Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta i ndáil le béim a leagadh ar fhorfheidhmiú dlíthe chun sláinte a chosaint agus díriú isteach ar sholáthraithe, seachas coirpigh a dhéanamh de na húsáideoirí uile.

Líon na substaintí sícighníomhacha nua curtha in iúl do chóras réamhrabhaidh na hEorpa faoi Chinneadh 2005/387/CGB ón gComhairle



NB: Tháinig Cinneadh 2005/387/CGB 21 ón gComhairle i bhfeidhm ar 21 Bealtaine 2005.
Foinse: Córas réamhrabhaidh na hEorpa.

Is sraith de bhileoga faisnéise í ***Drugaí i bhfócas*** atá foilsithe ag An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA), sa Liospóin. Foilsítear na bileoga faisnéise go rialta sna 23 theanga oifigiúla de chuid an Aontais Eorpaigh chomh maith le hIoruais agus Tuircis. Bunteanga: Béarla. Is ceadmhach aon eolas a atáirgeadh ach an foinse a aithint.

Chun síntiúis saor in aisce a fháil, sonraigh do chuid riachtanais trí r-phost: publications@emcdda.europa.eu

Cais do Sodré, 1249-289 Liospóin/Lisbon, An Phortaingéil/Portugal
Guthán +351 211210200 • Facs +351 218131711
info@emcdda.europa.eu • www.emcdda.europa.eu

TD-AD-11-002-GA-C

Conclúidí agus ceisteanna beartais

1. **Is iad na chéad chéimeanna atá i gceist le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le drugaí nua a d'fhéadfadh a bheith contúirteach, agus ar deireadh thiar iad a rialú, ná substaintí sícighníomhacha nua a aimsiú agus a aithint faoi mar a thagann siad ar an margadh. Is gné ríthábhachtach de chórais réamhrabhaidh é an cumas chun an tasc seo bhaint amach.**

2. **Is féidir le córais mheasúnaithe riosca fianaise a sholáthar chun tacú leis an bpróiseas reachtaíochta. Is féidir leis na torthaí teachtaireacht chruinn agus inchreidte a chur go dtí an pobal faoin mbaol díobhála a bhaineann le substaint. Tá taighde sprioctha ríthábhachtach chun bonn fianaise daingean a sholáthar do mheasúnú riosca agus chun leanúint le bearta rialaithe a fhírinniú.**

3. **Is sprioc bheartais thábhachtach í an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir thapúlacht an fhreagra ar shubstaintí nua, ar thaobh amháin, agus fhianaise eolaíochta leordhóthanach agus mhaoirseacht reachtaíochta, ar an taobh eile.**

4. **Ba chóir do dhlíthe drugaí díriú ar shubstaintí a chruthaíonn bagairtí sláinte agus sóisialta tromchúiseacha. Is féidir leas a bhaint freisin as bearta eile, comhcheangailte le cláir chosanta, chun úsáid na substaintí neamhrialaithe nach gá a bheith sábháilte a dhíspreagadh.**

5. **Tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar cibé an mbainfeadh dlíthe eile atá infhaighte cheana féin, cosúil le dlíthe cosanta tomhaltóirí agus leigheasra, amach an cuspóir inmhianaithe; d'fhéadfadh luas an fhreagra a bheith níos tábhachtaí ná déine. Is féidir le toirmisc ar allmhairí brú ar mheicníochtaí forfheidhmithe áitiúla a laghdú.**

6. **Tá an Coimisiún Eorpach, i gcomhar le tíortha an AE, an EMCDDA agus Europol, ag obair ar reachtaíocht nua le díriú níos fearr ar rialú na substaintí sícighníomhacha nua ar fud an AE.**

Príomhfhoinsí

EMCDDA (2006), *Hallucinogenic mushrooms*, Páipéar téamach, Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí, Liospóin (http://www.emcdda.europa.eu/html.cfm/index31208EN.html).

EMCDDA (2007), *Early-warning system on new psychoactive substances: operating guidelines*, Oifig Foilseacháin an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

EMCDDA (2008), *GHB and its precursor GBL: an emerging trend case study*, Páipéar téamach, Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí, Liospóin (http://www.emcdda.europa.eu/publications/thematic-papers/ghb).

EMCDDA (2009), *Legal responses to new psychoactive substances in Europe*, Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí, Liospóin (http://www.emcdda.europa.eu/publications/legal-reports/control-systems).

EMCDDA (2010), *Risk assessment of new psychoactive substances: operating guidelines*, Oifig Foilseacháin an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

EMCDDA (2011), *Report on the risk assessment of mephedrone in the framework of the Council decision on new psychoactive substances*, Oifig Foilseacháin an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

Eolas gréasáin

Próifílí drugaí an EMCDDA:

BZP agus pipioraisíní eile (BZP and other piperazines)
http://www.emcdda.europa.eu/publications/drug-profiles/bzp

Cannaibionóidigh sintéiseacha agus 'Spíosra' (Synthetic cannabinoids and 'Spice')
http://www.emcdda.europa.eu/publications/drug-profiles/synthetic-cannabinoids

Caitinóin shintéiseacha (Synthetic cathinones)
http://www.emcdda.europa.eu/publications/drug-profiles/synthetic-cathinones

Díorthaigh chócaoin shintéiseacha (Synthetic cocaine derivatives)
http://www.emcdda.europa.eu/publications/drug-profiles/synthetic-cocaine-derivatives

Cinneadh 2005/387/CGB ón gComhairle maidir le malartú faisnéise, measúnú riosca agus rialú na substaintí sícighníomhacha nua (Council Decision 2005/387/JHA on the information exchange, risk-assessment and control of new psychoactive substances)

http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:L:2005:127:0032:0037:EN:PDF

Oifig na bhFoilseachán

FOILSITHEOIR OIFIGIÚIL: Oifig na bhFoilseachán san Aontais Eorpach
© An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí, 2011
STIÚRTHÓIR: Wolfgang Götz
ÚDAIR: Brendan Hughes, Ana Gallegos, Roumen Sedefov
EAGARTHÓIR: Peter Fay
COINCHEAPADH GRAFACH: Dutton Merryfield Ltd, An Ríocht Aontaithe
Printed in Belgium